

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 15: *Cork, like!*



299-P J Butts View of Cork

Eolas maidir leis an saothar ealaíne



Ba é an t-ealaíontóir John Butts a rinne an saothar seo thart ar an mbliain 1750. Bhí cathair Chorcaí i bhfad níos lú an t-am sin ná mar atá anois. Chomh maith leis sin, tá Seanteach an Chustaim le feiceáil, an áit a bhfuil Gailearaí Ealaíne Crawford anois. I dTeach an Chustaim bhíodh earraí á seiceáil agus bhíonn cáin á gearradh orthu nuair a bhíodh siad á dtabhairt isteach nó á

dtógáil amach as an gcathair. Is é an foirgneamh is airde atá le feiceáil Séipéal San Anna nó 'Cloigíní an tSeandúin', siombail cháiliúil de chathair Chorcaí go dtí an lá inniu ann.

Caith súil ghéar ar an bpéintéireacht

Caith súil ghéar ar an bpéintéireacht... Céard cineál athruithe atá tarluithe i gCorcaigh? An aithníonn tú aon fhoirgneamh nó aon áit sa péintéireacht? Céard iad na mionsonraí eile a fheiceann tú? An dtaitníonn na dathanna sa péintéireacht leat? Céard iad na dathanna a fheiceann tú?

Seo linn ag canadh!

D'fhéadfadh an péintéireacht álainn seo tú a spreagadh chun amhrán grá do Chorcaí a chanadh! Táimid chun amhrán cáiliúil Chorcaíoch a chanadh, 'The Banks of My Own Lovely Lee'. Seans gur fhoghlaim tú an t-amhrán seo ar scoil nó go bhfuil sé ar eolas ag do thuismitheoirí. Seo thíos an chéad véarsa atá le canadh agat agus b'fhéidir go mbeadh tú ann an chuid eile den amhrán a fháil ar líne.

***The Banks of My Own Lovely Lee* le Dick Forbes agus J.C. Flanagan**

*How oft do my thoughts in their fancy take flight
To the home of my childhood away,
To the days when each patriot's vision seem'd bright
Ere I dreamed that those joys should decay.
When my heart was as light as the wild winds that blow
Down the Mardyke through each elm tree,
Where we sported and play'd 'neath each green leafy shade
On the banks of my own lovely Lee,
Where we sported and play'd 'neath each green leafy shade
On the banks of my own lovely Lee.*

Is amhrán é seo faoi fhear atá ag smaoineamh ar na háiteanna a mbíodh sé ag spraoi nuair a bhí sé óg, 'neath the green leafy shade', faoi na crainn in An Mhuirdíog i gcathair Chorcaí.

Céard é an áit is fearr leat a bheith ag spraoi?

Má tá cónaí ort i gcathair Chorcaí, an dtéann tú ag siúl taobh le An Mhuiríne? An dtéann tú chomh fada leis an Loch chun bia a thabhairt do na lachain? An siúlann tú síos chomh fada leis An Mhuirdíog chun a bheith ag spraoi i bPáirc Mhic Gearailt agus an dtrasnaíonn tú An Droichead Corrach?

Má tá cónaí ort taobh amuigh de chathair Chorcaí, b'fhéidir gur bhreá leat dul ag siúl i bpáirc foraoise nó ar an trá nó faoin tuath?

Céard a thaitníonn leat faoi na háiteanna seo a dtugann tú cuairt orthu?

Céard a fheiceann tú agus céard a chloiseann tú?

An bhfuil ainmhithe sa cheantar?

Céard cineál cluichí a imríonn tú?


B'fhéidir go bhféadfá d'amhrán féin a scríobh faoin áit is fearr leat a bheith ag spraoi!

Am chun Picky a imirt!

San am a caitheadh bhíodh cluiche á imirt ar na sráideanna ag ógánaigh Chorcaí ar a dtugtar Picky. Is cluiche cosúil le cleas na bacóide atá ann. Is féidir leat an cluiche seo a imirt freisin trí 6 chearnóg a tharraingt le cailc nó a mharcáil le téip agus na treoracha sa phictiúr thíos a leanúint. Níl sé chomh héasca agus a shíleann tú! Bain taitneamh as!

Tráth

na



gCeist faoi Bhéarlagair Chorcaí

An féidir leat béarlagair Chorcaí a nascadh leis na pictiúir? B'fhéidir go mbeadh Corcaíoch níos sine ná tú féin in ann cabhrú leat, cosúil le comharsa nó seantuismitheoir. Beidh na freagraí le fáil i bPictiúir faoi Chaibidil na seachtaine seo chugainn.


Bazzar

**Gatch
Feen
Beoir
Pana
Balm out**

**Sconce
Rasa
Ecca**

Hopper

Uck


























An bhfuil aon bhéarlaí eile ar eolas agat? Céard a chiallaíonn 'Up for the ba'? Sin ceann maith!

Samhlaigh!

Anois ó tharla go bhfuil roinnt focal Corcaíoch ar eolas agat, an féidir leat a shamhlú céard atá á rá ag an mbeirt *ye olde Cork feens* seo lena chéile? Úsáid na focail thuas chun an méid a bhí á rá acu a mhíniú.



Tá Séipéal San Anna le feiceáil sa phéintéireacht. ‘Cloigíní an tSeandúin’ a thugann muintir na háite ar an séipéal seo. Is cloigtheach é seo ina bhfuil 4 chlog agus iasc órga ag an mbarr, ar a dtugtar ‘Goldie Fish’. In aice láimhe tá Músaem Ime Chorcaí, áit ar féidir leat foghlaim faoi stair dhéanamh agus dhíol na hime ar fud Chorcaí.

Anois déanaimis iasc órga dár gcuid féin, trí úsáid a bhaint as clúdach ime órga!



Ar dtús, faigh clúdach ime agus gearr píosa de i gcruth cearnóige. Ansin, cinntigh nach bhfuil aon fhílltín ann.



Ansin féach ar an bhfíseán seo le PaperFoldingChannel ionas go mbeidh tú in ann iasc oragámaí simplí a dhéanamh: <https://youtu.be/axHwJgs8tAs>

Ar deireadh, is féidir leat súil a tharraingt nó súil *googly* a úsáid má tá ceann agat.



Anois ó tharla go bhfuil d'iasc Órga féin agat, is féidir leat a shamhlú go bhfuil sé á thabhairt ar eachtra mórthimpeall ar Chathair Chorcaí agat!

Is nós a bunaíodh sa tSeapáin é filleadh páipéir oragámaí, agus is féidir leat go leor ainmhithe oragámaí eile a dhéanamh trí fhéachaint ar fhíseáin YouTube má bhain tú taitneamh as an iasc a dhéanamh.

Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil a fheiceáil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** a úsáid.

Creidiúint:

Tá na gníomhaíochtaí forbartha agus deartha ag Hazel Hurley mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

Amhráin: 'The Banks of My Own Lovely Lee' le Dick Forbes agus J.C. Flanagan.

Chluiche *Picky*: "Grattan Street Stories" le Tionscadal Béaloidis Chorcaí, Kieran Murphy.

Comhairleoir Bhéarlagair Chorcaí: Tadhg Dennehy.

Fhíseán an Éisc Oragámaí: PaperFoldingChannel.